# **Ag Aistriú:** Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Gníomhaíochtaí a mholtar do réamhscoileanna chun tacú le haistriú dearfach go dtí an scoil

Is féidir cabhrú le páistí ullmhú don aistriú go dtí an bhunscoil ar go leor bealaí. Mar shampla, ní mór go mbeadh scileanna agus meonta áirithe ag páistí. Áirítear ina measc seo scileanna cainte/cumarsáide agus scileanna sóisialta mar aon le meonta dearfacha foghlama mar neamhspleáchas, fiosracht agus teacht aniar.



Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí deiseanna ar fáil do pháistí na scileanna seo a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí leanúnacha agus trí ghnáthaimh na réamhscoile. Déan cinnte go leor deiseanna a chur ar fáil do pháistí:

- a bheith neamhspleách, ó thaobh aire a thabhairt dóibh féin ach go háirithe
- labhairt, cumarsáid a dhéanamh agus spraoi lena chéile
- scoileanna réitithe fadhbanna a chleachtadh agus foghlaim cén chaoi le leanúint ar aghaidh nuair nach n-oibríonn rudaí mar a bhí beartaithe acu
- an domhan mórthimpeall orthu a iniúchadh agus rioscaí foghlama a thógáil, lasmuigh ach go háirithe.

Ná dearmad leas a bhaint as Teimpléid Thuairiscithe *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil* le heolas a roinnt le tuismitheoirí/le caomhnóirí agus le scoileanna maidir le foghlaim pá istí.

Seo thíos roinnt smaointe praiticiúla eile a bhféadfá leas a bhaint astu ó thús mhí na Bealtaine ar aghaidh. B'fhéidir go n-eagrófá gníomhaíochtaí aistrithe eile, i gcomhpháirt le bunscoileanna áitiúla. Féach an leidbhileog *Comhghníomhaíochtaí aistrithe do naíonraí agus do bhunscoileanna* le roinnt smaointe a fháil.

Bíodh na páistí páirteach i bpleanáil na ngníomhaíochtaí aistrithe - céard ba mhaith leo a fháil amach? Tá sé tábhachtach go labhrófá leis na páistí agus go n-éistfeá go cúramach lena bhfreagraí. Déan taifead ar an mbreathnóireacht a dhéanann tú ar na páistí – a dtuairimí, a bhfreagraí




agus a gceisteanna le linn spraoi agus le linn plé

# Gníomhaíochtaí aistrithe

## Leabhair ghrianghraf agus taispeántais ar na ballaí

Cruthaigh leabhair ghrianghraf de scoileanna áitiúla le codanna éagsúla den taobh istigh/amuigh d'fhoirgneamh na scoile, den éide scoile, de na baill foirne. D'fhéadfá grianghraif a ghlacadh de shonóg na réamhscoile (béar/bábóg) ar cuairt ar an scoil. Fág na leabhair amuigh le go mbeidh fáil ag na páistí orthu nó suigh síos le cúpla páiste le labhairt fúthu agus éist lena dtugann siad faoi deara agus lena gceisteanna.

Cruthaigh taispeántas de ghrianghraif de scoileanna áitiúla ar an mballa.

- Cuir grianghraif de na páistí agus de na múinteoirí (ach cead a fháil) faoi bhun na scoileanna a mbaineann siad leo.
- Pléigh cé a bheidh ag freastal ar gach scoil agus cad a bheidh ar bun acu ann.

## Spraoi agus prapaí spraoi

Cuir na nithe seo a leanas ar fáil:

- éide shamplach scoile nó sean-éide scoile/culaith spóirt sa chúinne bréigéide agus, más féidir, béar/bábóg mór le gléasadh. D'fhéadfá iarraidh ar thuismitheoirí/ ar chaomhnóirí sean-éide scoile/seanchulaith spóirt a bhronnadh ar an réamhscoil.
- bosca aistrithe le rudaí do na naíonáin shóisearacha, mar shampla coirníní snáithithe, pionnachláir, míreanna mearaí, leabhair phictiúr agus leabhair rannta, cásanna pinn luaidhe, málaí scoile, boscaí lóin, buidéil uisce, cóipleabhair, fillteáin le dúntóirí. Pléigh leis na páistí cé na rudaí ba chóir a bheith san áireamh.
- 'seomra ranga scoile' le haghaidh spraoi sochdhrámaíochta. Tabharfaidh sé seo léargas duit ar an gcaoi a bhfuil na páistí ag smaoineamh faoin scoil agus céard a cheapann siad fúithi.

## Plé faoin scoil

Léigh scéalta faoi dhul ar scoil agus

- pléigh na nithe a bhfuil na páistí ag súil leo agus/nó a bhfuil imní orthu fúthu maidir le dul ar scoil.
- pléigh na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an réamhscoil agus an bhunscoil.

D'fhéadfadh na páistí:

- samhail a tharraingt/a phéinteáil/a thógáil den íomhá atá acu den scoil.
- Scríobh chuig páistí atá sna naíonáin shóisearacha (le duine fásta mar scríobhaí). D'fhéadfadh go mbeadh sé spraíúil an litir a sheoladh sa phost. B'fhéidir go scríobhfadh an múinteoir bunscoile na freagraí síos tar éis plé a dhéanamh leis na páistí sa rang agus go seolfaidís litir ar ais.

# Gníomhaíochtaí aistrithe

## Cuairteanna

Eagraigh:

- cuairt chuig seomra ranga i rith am scoile agus fanaigí le haghaidh gníomhaíochta. Taispeáin do na páistí cá mbeidh na cótaí, cá bhfuil na leithris, cé na bréagáin ar féidir spraoi leo.
- cuairt 10/15 nóiméad chuig clós scoile folamh. Dírigh aird na bpáistí ar rudaí mar an doras go dtí na leithris agus labhair leo faoi chuid de na gníomhaíochtaí spraíúla a mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh iontu sa chlós nuair a rachaidh siad ar scoil.
- turas bus agus tiomáint thar na scoileanna áitiúla ar an mbus. Is maith an smaoineamh é seo má bhíonn na páistí ag dul ar aghaidh chuig roinnt scoileanna éagsúla.
- cuairt fhíorúil - úsáid seisiúin Skype/Facetime leis an scoil/na scoileanna. B'fhéidir go dtaispeánfadh páistí na naíonán sóisearach an seomra ranga do pháistí na réamhscoile nó d'fhéadfadh an múinteoir an 'turas' a stiúradh.
- cuairt ón múinteoir scoile go dtí an réamhscoil (cúpla uair) le scéal a léamh nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin. Má bhíonn múinteoirí éagsúla i gceist, eagraigh grúpghníomhaíocht bheag leis na páistí a bheidh i rang gach múinteora ar leith.
- cuairt ó pháistí níos sine go dtí an réamhscoil le labhairt leis na páistí faoin scoil. D'fhéadfadh gur páiste de chuid rang a 5 nó rang a 6 a bheadh i gceist nó páiste de chuid na naíonán sóisearach nó sinsearach. D'fhéadfaí na ceisteanna a roinnt lena chéile roimh ré.
- cuairt le feiceáil cén chaoi a bhfuil ag éirí leis na páistí socrú isteach ina scoil nua san fhómhar.



# Gníomhaíochtaí aistrithe

## Comhpháirtíocht le tuismitheoirí/le caomhnóirí

Spreag na tuismitheoirí/na caomhnóirí:

- chun tacú lena bpáistí a bheith neamhspleách ó thaobh féinchúraim de agus ar bhonn ginearálta sa bhaile.
- ainmneacha na bpáistí a chur ar a gcuid cótaí/giuirléidí.
- bualadh le páistí eile a bheidh ag freastal ar an scoil chéanna le linn laethanta saoire an tsamhraidh ionas gur féidir leis na páistí teagmháil a choinneáil lena chéile.

Cruthaigh agus cuir ar an mballa taispeántas de na spriocanna atá ag na tuismitheoirí dá bpáistí agus iad ag dul ar scoil. Spreag na tuismitheoirí/na caomhnóirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu scríobh ina dteanga dhúchais.

Tabhair cuireadh do thuismitheoirí/do chaomhnóirí a bhfuil páistí níos sine acu ar scoil comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí/do chaomhnóirí céaduaire.

Eagraigh seisiún eolais do thuismitheoirí/do chaomhnóirí, go hidéalach i gcomhpháirt leis an scoil/na scoileanna. D'fhéadfá smaointe a roinnt maidir leis an gcaoi ar féidir le tuismitheoirí/le caomhnóirí cabhrú lena bpáistí a bheith ullamh don scoil agus na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an réamhscoil agus an bhunscoil a mhíniú. Chomh maith leis sin, cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhféadfadh an próiseas aistrithe a bheith deacair do chuid acu, do thuismitheoirí/do chaomhnóirí céaduaire go háirithe, agus gur gnáthmhothúchán é seo.

Iarr ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí aiseolas a chur ar fáil faoina dtaithí i dtaobh na ngníomhaíochtaí aistrithe agus bain úsáid as seo mar aon le léargais na bpáistí le cur leis an bpróiseas bliain i ndiaidh a chéile.

